

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 27

Comhar Idirnáisiúnta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar chúnamh forbartha oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith agus ar ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €2.62 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe in imlitir 20 de 2024 chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Sócmhainní caipitil

Tá luach tógála talún agus foirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar chleachtadh luachála a dhéantar gach seacht mbliana, agus déantar breisithe agus feabhsúcháin ina dhiaidh sin ar thalamh agus ar fhoirgnimh ar chostas. Is é an modh athluachála a úsáideadh an luach margaidh atá ann faoi láthair bunaithe ar choinníollacha margaidh áitiúil.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealamh a ríomh agus a ghearradh de réir CGAS 17 Réadmhaoín, Fearas agus Trealamh.

Is mar seo a leanas atá na saolréanna fóna agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní caipitil:

<i>Aicme Sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa</i>
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Feithiclí	5 bliana	20%

Idirbhearta rátaí malairte

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa. Aithnítear difríochtaí malairte neamhréadaithe a eascraíonn as athluacháil iarmhéideanna airgeadra eachtraigh dheireadh na bliana sa ráiteas ar staid airgeadais dheireadh na bliana.

Aisíocaíochtaí Deontas

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste comhoibrithe déthaobhaigh agus cúnaimh dhaonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***Freagracht don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go gcosnaítear na sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtugtar faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Dearbhú ar sheirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte párolla, costais agus feidhmeanna acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe a chur i bhfeidhm sna hionaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte litir dhearbhaite ar fáil dom maidir leis na socruithe ar rialú inmheánach agus ar iniúchóireacht, chomh maith le tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú rialuithe le linn 2024.

Tá mé muiníneach as an gcóras rialaithe laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

- Tá Coiste Iniúcháireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmagain agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí agus buiséad bliantúil ann a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirínnte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oile go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go bhfiosraítear tuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht gach treoirínne iomchuí a chinntiú.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonradh neamhiomaíoch amháin sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le hImlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Chomhlíon an Roinn na treoirínnte cé is moite de chonradh amháin os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh). Cuireadh síneadh leis an gconradh (€50,637 CBL san áireamh) a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas tairisceana iomaíoch níos faide ná dáta an chonartha bhunaidh gan próiseas iomaíoch. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar an gconradh seo faoi láthair.

Tá an conradh thuas curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta dóibh thuas.

Comhlíontacht cánach misean

Is é polasaí na Roinne cloí le hoibleagáidí cánach agus árachais shóisialta áitiúil ina mbíonn misin lonnaithe. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an tAonad Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstaigh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuaipteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí cánach

áitiúla in iniúchadh bliantúil seachtrach na Roinne ar na misin dhéthaobhacha níos mó. Áiríonn an Roinn freisin feachtas a ardú maidir le cáin áitiúil agus maidir le hoibleagáidí i dtaobh árachas sóisialta mar chuid dá clár oiliúna don fhoireann roimh phostú thar lear.

Ina theannta sin, coinníonn cuntasóirí atá cáilithe go cuí agus iniúcháirí inmheánacha sna misin dhéthaobhacha níos mó an comhlíontacht sin faoi athbhreithniú.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithnínm na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo sna tíortha atá i gcomhpháirt linn mar atá leagtha amach thíos.

Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm sna tíortha atá i gcomhpháirt linn chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an ambasadóir, tá bainisteoirí ag ambasáidí atá freagrach go sonrach as an gclár cúnamh a bhainistiú.
- Chomh maith leis an ambasadóir, tá speisialtóirí forbartha agus comhairleoirí/bainisteoirí cláir atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí acu san áireamh i struchtúr bainistithe na hambasáide.
- Tugtar breac-chuntas sa Treoir maidir le Timthriall Bainistíochta Straitéise na hAmbasáide ar cheithre chéim na straitéise, idir anailís, fhoirmiú, chur i bhfeidhm agus mheastóireacht; agus giniúint, monatóireacht agus foghlaim fianaise mar chuid lárnach de gach céim. Clúdaíonn cur chuige uile-Rialtais i leith na straitéise leasanna polaitiúla, trádála agus forbartha na hÉireann de réir mar a bhaineann sé leis an gcomhthéacs. Is gnách go mbíonn tréimhse na Straitéise 5 nó 6 bliana, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos giorra má mheastar go bhfuil gá leis. Déantar athbhreithniú ar gach straitéis misin trí phróisis dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus neamhspleácha seachtracha sula gceadaítear í; agus í faoi réir phróisis athbhreithnithe meántearma; agus de ghnáth déantar measúnú uirthi trí mheastóireacht neamhspleách deiridh roimh an gcéad timthriall straitéise eile. Déantar force majeure nó imthosca eisceachtúla eile a bhainistiú ar bhonn cás ar chás.
- Tá próisis láidre bhliantúla phleanála gnó i bhfeidhm ag gach misean chun pleanáil éifeachtach a chinntiú chomh maith le mairís riosca agus rialuithe gaolmhara chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhar leis an gCeannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí móra misin chuig an gCoiste Bainistithe Riosca agus chuig an mBord Bainistíochta i gcomhréir le Polasaí Bainistithe Riosca na Roinne.
- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach Ambasáid, faoi cheannas ceannasaí airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Rannán Airgeadais sa cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.

- Tá iniúcháirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, a thuairiscíonn go díreach chuig an Ambasadóir, agus a bhfuil obair iniúcháireachta inmheánaí na hambasáide déanta mar chuid de phlean oibre/straitéis iniúcháireachta inmheánaí na Roinne ar an iomlán atá bainistithe ag Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta neamhspleách na Roinne. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair faoi réir na gCaighdeán Iniúchta Inmheánaigh a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, tá roinnt ambasáidí níos mó faoi réir iniúcháireachta airgeadais inmheánaí bliantúla a dhéanann gnóilachtaí iniúcháirí tríú páirtí.

Ina theannta sin, maidir le híocaíochtaí na ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí shibhialta), tá meicníochtaí láidre pleanála gnó i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad ina iomlán a cheadú ag an gCoiste Idir-rannach Cúnamh Forbartha, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ag an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí dhá uair sa mhí agus réamhnósanna imeachta agus iarnósanna láidre imeachta bainistíochta leithdháilte deontais.

Leantar de bhéim a chur ar a chinntiú go bhfuil córas láidir bainistithe riosca i bhfeidhm ar fud an chláir cúnamh, lena n-áirítear rialuithe chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathruithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

Bronntar agus déantar monatóireacht ar gach deontas trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Caighdeánach maidir le Bainistiú Deontais, ar cheart go gcinnteodh sé comhsheasmhacht na gcur chuige maidir le bainistiú deontas ar fud an chláir.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca nuair is gá agus go leanfar le monatóireacht agus le hiniúcháireacht a dhéanamh chun an baol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

Tiomantais deontais

Tá an Roinn i mbun córas bainistithe deontas leictreonach a fhorbairt lena n-iarrfar gach tiomantas deontais a rianú agus lena gcuirfear eolas atá cothrom le dáta ar fáil maidir le hoibleagáidí na Roinne i leith tiomantais chonartha mar sin. In éagmais córais mar sin, ní fhéadfadh an nochtadh mionsonraithe a iarradh sna cuntais leithreasa maidir le gluaiseacht na dtiomantas deontais a chur ar fáil. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí nár íocadh an 31 Nollaig 2024 curtha ar fáil i Nóta 2.9 áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta na rioscaí sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.

Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta athbhreithnithe tréimhsiúla ar chóras bainistíochta riosca na Roinne freisin mar chuid dá phlean oibre meastóireachta agus iniúcháireachta rollach.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus ar na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Áirítear orthu sin cruinnithe rialta den Choiste Bainistíochta Riosca, ar a mbíonn Ceannairí Aonad Gnó agus a bhfuil an Príomhoifigeach Riosca ina chathaoirleach air, a thugann comhairle don Bhord Bainistíochta. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2024.

Joe Hackett

An tOifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

27 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa arna ullmhú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le haghaidh Vóta 27 – Comhoibriú Idirnáisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

12 Lúnasa 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Cuntas Leithreasa 2024			
		2024	2023
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais	775,349	773,485	738,521
Ollchaiteachas	775,349	773,485	738,521
Le hAsbhaint			
B Leithreasáí i gcabhair	1,030	1,786	1,578
Glanchaiteachas	774,319	771,699	736,943

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2024	2023
	€	€
Farasbarr le géilleadh	2,619,978	3,542,837

Joe Hackett
An tOifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

27 Márta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024		
	2024	2023
	€000	€000
Costas cláir	730,063	695,639
Pá	26,317	23,669
Neamhphá	17,105	19,213
Ollchaiteachas	773,485	738,521
<i>Le hAsbhaint</i>		
Leithreasáí i gcabhair	1,786	1,578
Glanchaiteachas	771,699	736,943
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Réadmhaoin, fearas agus trealamh		
(nóta 2.1)		
Ceannacháin	(700)	
Dímheas	301	
Diúscairtí – Airgead Tirim	37	
Brabach ar dhiúscairtí	(37)	
	(399)	(2,896)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	148	
Méadú ar speansais fhabhraithe	922	
	1,070	(186)
Caiteachas díreach	772,370	733,861
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	241	438
Glanchostas an chláir	772,611	734,299

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a d'eascair as áit éigin eile ^a.

		2024	2023
		€000	€000
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	211	406
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	30	32
		241	438

Nóta ^a Tá pinsin foirne, a tabhaíodh i ndáil leis an Vóta agus a gearradh ar Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir, aitheanta ar nóta glanseirbhísí gaolmhara Vóta 28.

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024			
	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní caipitil			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	15,580	15,972
		15,580	15,972
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	4,555	3,231
Réamhíocaíochtaí	2.3	2,456	2,604
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	1,316	1,729
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	840	697
		9,167	8,261
<i>Lúide</i>			
Dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.5	1,353	431
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	1,029	854
Cuntas ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)	7.1	5,682	4,803
		8,064	6,088
Glansócmhainní reatha		1,103	2,173
Glansócmhainní		16,683	18,145
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.8	16,683	18,145

2.1 Réadmhaoín, gléasra agus trealamh

	Foirgnimh	Trealamh	Troscán agus feistis	Feithiclí	Sócmhainní arna bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil						
An 01 Eanáir 2024	14,523	1,891	776	3,484	791	21,465
Suimeanna Breise	37	23	—	640	—	700
Díúscairtí	—	(24)	—	(153)	—	(177)
Aistrithe chuig Vóta 28 ^a	—	—	—	—	(791)	(791)
Coigeartú ^b	—	(853)	(484)	(7)	—	(1,344)
An 31 Nollaig 2024	14,560	1,037	292	3,964	—	19,853
Dímheas carntha						
An 01 Eanáir 2024	—	1,783	732	2,978	—	5,493
Dímheas don bhliain	—	46	12	243	—	301
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(24)	—	(153)	—	(177)
Coigeartú ^b	—	(853)	(484)	(7)	—	(1,344)
An 31 Nollaig 2024	—	952	260	3,061	—	4,273
Glansócmhainní						
An 31 Nollaig 2024	14,560	85	32	903	—	15,580
An 31 Nollaig 2023	14,523	108	44	506	791	15,972

Nóta ^a Aistríodh táillí dearaidh agus costais eile a focadh i leith tionscadal tógála in Abuja ar fiú €791,000 san iomlán é in 2024 ó Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta go Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha toisc go bhfuil an tionscadal á bhainistiú agus á mhaoiniú ag Vóta 28.

^b Baineadh sócmhainní ar fiú €1.344 milliún san iomlán iad, a chosain níos lú ná €10,000 an ceann ar dtús agus a bhfuil glanluach nialasach de réir na leabhar acu, as sócmhainní caipitil in 2024, de réir Chiorclán 21 de 2020 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

2.2 Banc agus airgead tirim

an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
larmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	2,226	847
larmhéid an chuntais bainc tráchtála	314	299
larmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin	2,015	2,085
	4,555	3,231

2.3 Réamhíocaíochtaí

an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Cíosanna misin	1,250	1,411
Eile	1,206	1,193
	2,456	2,604

2.4 larmhéideanna dochair eile

an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
larmhéideanna dochair eile	1,179	1,729
Difríocht mhalartaithe neamhréadaithe ^a	137	—
	1,316	1,729

Nóta ^a Ó 2024 ar aghaidh, déileáiltear le difríochtaí malairte neamhréadaithe mar ráiteas ar ghluaiseacht na staide airgeadais.

2.5 Ioncam fabhraithe

an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Caiteachas riaracháin	225	431
Fabhruithe a bhaineann le párolla (nóta 2.10)	1,128	—
	1,353	431

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Méideanna dlite don stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	29	64
Cáin bhreisluacha	26	55
	55	119
Iarmhéideanna creidmheasa eile	974	735
	1,029	854

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	2,620	3,543
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,460)	(4,240)
Glanmhaoiniú Státchiste	(840)	(697)
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	4,555	3,231
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,316	1,729
	5,871	4,960
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(55)	(119)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(974)	(735)
Cuntas ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)	(5,682)	(4,803)
	(6,711)	(5,657)
	(840)	(697)

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir		18,145	15,063
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	774,319	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,620)	
Glanvóta		771,699	736,943
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	241	438
Míreanna neamhairgid			
Glanchoigeartuithe sócmhainní caipitil	2.1	(791)	—
Glanhostas an chláir	1	(772,611)	(734,299)
Iarmhéid an 31 Nollaig		16,683	18,145

2.9 Ceangaltais

	2024	2023
	€000	€000
Ceangaltais dhomhanda an 31 Nollaig		
Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais chíos	2,458	7,118
Cláir deontais neamh-chaipitil	588,662	722,976
Iomlán na gceanglas is infhorfheidhmithe le dlí	591,120	730,094

2.10 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasáíochta i 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta rialtais láir nua i bhfeidhm ó dháta an 1 Eanáir 2024. Ina theannta sin, tá difríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe curtha i gcomhréir le CGAS 4 - Éifeachtaí athruithe ar rátaí malairte eachtraí atá le cur i bhfeidhm in 2025. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

an 31 Nollaig	2024
	€000
Difríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe ^a	137
Fabhrú párolla ^b	(701)
Fabhrú saoire ^b	(427)
	(991)

Nóta

^a

CGAS 4 Éifeachtaí na nAthruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí

^b

CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2024	2023
		Soláthar meastacháin	Olltoradh ^a
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	26,647	23,669
ii	Taisteal agus cothabháil	3,000	2,419
iii	Oiliúint agus forbairt	500	423
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil	2,850	3,256
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	2,200	1,140
vi	Costais áitribh	6,500	8,411
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	500	361
viii	Tacaíochtaí cur chun cinn agus postála	3,000	3,203
		45,197	42,882

Nóta ^a Rinneadh athanailís ar na figiúirí comparáideacha ionas go mbeidh siad ag teacht leis a struchtúr nua in 2024

Éagsúlachtaí suntasacha

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh an caiteachas riaracháin a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

- v. Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF**

Soláthar meastacháin €2.2 milliún; toradh €1.124 milliún

Tharla an laghdú €1.076 milliún ar infheistíocht chaipitil dhigitigh agus ar chostais TF mar gheall ar athaicmiú na gcostas a d'eascair as ath-ailíniú na bhfotheidil riaracháin.
- vii. Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde**

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €245,000

Tharla an laghdú €255,000 ar athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde mar gheall ar an riachtanas níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis do sheirbhísí den sórt sin, a bhfuil éileamh orthu.

Clár A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais

		2024	2023
		Toradh	Toradh
		Soláthar meastacháin	
		€000	€000
A.1	Riarachán - pá	26,647	23,669
A.2	Riarachán - neamhphá	18,550	19,213
A.3	Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil	659,845	618,290
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha	22,432	30,486
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile	47,875	46,863
		775,349	738,521

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2024	2023
		Toradh	Toradh
		Soláthar meastacháin	
		€000	€000
1	Leithreasaí i gCabhair	449	939
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	580	639
3	Ilghnéitheach	1	—
		1,030	1,578

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €756,000 milliún níos airde ná mar a bhí tuartha ar dtús.

1 Leithreasaí-i-gcabhair

Soláthar meastacháin €449,000; réadaithe €1.095 milliún
Tharla an méadú €646,000 mar gheall ar tháillí méadaithe víosa mar thoradh ar mhéadú ginearálta gan choinne ar thaisteal. Tá leibhéal na dtáillí víosa bunaithe ar éileamh agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair iad a thuair.

- 2
Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí
Soláthar meastacháin €580,000; réadaithe €691,000
Tharla an méadú €111,000 mar gheall ar ranníocaíochtaí aoisliúntais méadaithe a d'eascair as costais tuarastail mhéadaithe.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéis lánaimseartha	2024	2023
Líon na foirne ag deireadh na bliana	622	626

5.2 Pá

	2024	2023
	€000	€000
Pá	21,413	19,382
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	29	53
Liúntais eile	2,431	2,141
Ragobair	36	27
PRSI Fostóra	1,786	1,577
Leas sóisialta eachtrach agus costais eile	622	489
Pá iomlán ^a	26,317	23,669

Nóta

^a

Ina theannta sin, tabhaítear costais foirne d'fhoireann atá fostaithe sna misin chun slándáil a thabhairt agus atá fostaithe chun críocha an chláir a chur ar fáil. Gearrtar na costais sin ar chostais slándála i gcostais riaracháin neamhphá agus ar chostais an chláir, de réir mar is cuí.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2024	2023
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	3	1	23,183	22,309
Liúntais eile	115	71	77,768	75,114
Ragobair	27	—	7,762	8,337
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	2	13,716	13,456

5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, ná costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2024	2023
20,000	59,999	139	138
60,000	69,999	26	19
70,000	79,999	21	27
80,000	89,999	26	13
90,000	99,999	23	20
100,000	109,999	8	12
110,000	119,999	10	11
120,000	129,999	9	10
130,000	139,999	8	8
140,000	149,999	6	3
150,000	159,999	4	4
160,000	169,999	4	1
170,000	179,999	2	2
180,000	189,999	2	1
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	2	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní ghearrtar tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ar an Vóta seo, agus tá sé san áireamh sa chuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha.

5.6 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh cúigear (2023: seisear) státseirbhíseach ar scor a fuair pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táillí ar chostas iomlán €122,760 (2023: €12,598). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.7 Scaoilíocaíochtaí

I rith 2024, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €47,179 san iomlán le trí bhall foirne dhéag (2023: duine amháin) ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht (2023: €6,723).

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	14	31,061	28,994
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	10,019	1,678

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

Miondealú atá anseo a leanas ar na híocaíochtaí faoi fhotheideal A.5. D'fhéadfaí íocaíochtaí breise a dhéanamh le comhlachtaí páirtithe liostaithe ó fhotheideal A.3.

	2024	2023
	€000	€000
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)	7,750	8,250
Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF)	7,700	7,700
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR)	12,500	11,500
Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe	4,500	4,500
Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine	5,000	3,830
UNAIDS	2,500	2,500
Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM)	2,000	2,000
Ciste Iontaobhais Ginearálta na Náisiún Aontaithe	1,560	1,600
Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe	578	422
Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána	4,250	3,000
Oibrithe deonacha na Náisiún Aontaithe	1,100	1,100
Eile - ilghnéitheach	574	461
	50,012	46,863

Nóta 7 Cuntas Ciste cúnaimh dhéthaobhaigh agus comhoibrithe eile (deontas)

7.1 Cuntas ar fháltais agus íocaíochtaí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir	4,803	3,986
Maoiniú deontais a fuarthas	657,845	618,290
Méideanna a fuarthas ar ais i rith na bliana	1,276	721
Caiteachas don bhliain	(658,304)	(618,266)
Gluaiseacht in iarmhéideanna bainc atá á sealbhú i dtíortha comhpháirtíochta	62	72
Iarmhéid an 31 Nollaig	5,682	4,803